Glactha: 23ú Márta 2017
Athbhreithnithe: 28ú Márta 2019
– Leagan 2

# BEARTAS MAIDIR LE HÚSÁID TOITÍNÍ LEICTREONACH AR ÁITRIBH BOOLM

## Arna ghlacadh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ag cruinniú den Bhord an 23ú Márta 2017

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá sé mar bheartas ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú do gach ball foirne agus do mhic léinn/foghlaimeoirí, cuairteoirí, conraitheoirí agus daoine eile ar Scoil/Coláiste/Ionad a chosaint ó ghortú agus easláinte a eascraíonn as aon ghníomhaíocht oibre.

Tá cosc ar chaitheamh tobac táirgí tobac cheana féin in áitribh BOOLM, mar ionaid oibre, ag na Rialacháin um Chaitheamh Tobac (Toirmeasc) 2003.

**Gléasanna Leictreonacha Caitheamh Tobac/Galaithe**

Tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte den tuairim nach bhfuil sábháilteacht toitíní leictreonach léirithe go heolaíoch agus níl aon chinneadh fós ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo do shláinte na n-úsáideoirí.

Toisc go bhfuil toitíní leictreonach cosúil le gnáth-toitíní, féadfaidh ar n-úsáid caitheamh tobac a chur chun cinn nó a normalú, cur isteach ar an gcomhshaol do dhaoine nach gcaitheann tobac, é a dhéanamh níos deacra do dhaoine a chaitheann tobac éirí as agus don BOOLM tacú leis an mbeartas saor ó thobac.

**Raon an beartas seo**

Tá toirmeasc ar úsáid toitíní leictreonacha (r-toitíní), 'galtoitín a chaitheamh' agus/nó táirgí leictreonacha athsholáthair tobac eile ó gach Oifig, Scoil, Coláistí agus Lárionad BOOLM.

**Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú**

Teastaíonn tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach ó gach ball foirne, conraitheoir agus mac léinn i Scoileanna/Coláistí/Ionaid/Oifigí Riaracháin chun an beartas seo a chur i bhfeidhm go rathúil. Beidh Príomhoidí/Stiúrthóirí/Comhordaitheoirí/APOanna freagrach as cur i bhfeidhm an bheartais seo.

Chun cur i bhfeidhm an bheartais seo a fhorfheidhmiú, beidh comharthaí ar nós Aguisín 1 ar taispeáint go feiceálach i ngach áitreabh BOOLM.

Is é dáta chur i bhfeidhm an bheartais seo an dáta a nglacfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis.

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo go tréimhsiúil i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht agus comhairle a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó fhoinsí ábhartha eile.

Revision V2

Glactha: 23ú Márta 2017
Athbhreithnithe: 28ú Márta 2019 – Leagan 2

Aguisín 1

# NÁ CAITEAR



# TOITÍNÍ LEICTREONACH AGUS GACH GLÉASANNA LEICTREONACH CAITHEAMH EILE AGUS GALTOITÍN SAN ÁIREAMH